



An Scéim Deontais Oidhreachta Pobail 2027

Téama 5: Éagsúlacht, Cothroime agus Ionchuimsiú

Seimineár Gréasáin Eolais d'Iarratasóirí
an 28 Meán Fómhair 2026 ag 12 meán lae

[Cláraigh anseo](#)



An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

Eolas faoin Téama Seo

Tacaíonn an téama seo le cur chuige níos ionchuimsithí agus faoi stiúir an phobail i leith na hoidhreachta trína chur ar chumas na bpobal páirt a ghlacadh ina n-oidhreacht féin, í a mhúnlú agus í a roinnt.

Ba mhaith linn tacú le tionscadail a shaibhríonn an tuiscint ar an oidhreacht trí scéalta, eispéiris, eolas agus dearcthaí a d'fhéadfadh a bheith in easnamh ó na hinsintí oidhreachta atá ann cheana a thabhairt chun cinn.

Prionsabal lárnach den téama seo is ea gur cheart tionscadail a fhorbairt i gcomhar le pobail seachas do phobail. Cabhraíonn na tionscadail is láidre le hionadaíocht a mhéadú, le muinín an phobail a neartú agus le hacmhainní oidhreachta a chruthú a léiríonn réimse níos leithne guthanna agus eispéireas.

An é seo an Téama Ceart do do Thionscadal?

D'fhéadfadh an téama seo a bheith oiriúnach má dhéanfaidh do thionscadal an méid a leanas:

- Oidhreacht phobail ar leith a fhiosrú
- Scéalta faoin oidhreacht nach ndéantar dóthain ionadaíochta orthu a thaifeadadh agus a roinnt
- Tionscadal staire béil faoi stiúir an phobail a fhorbairt
- Acmhainní oidhreachta inrochtana nó ilteangacha a chruthú
- Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí oidhreachta a fheabhsú
- Ceannaireacht an phobail agus forbairt scileanna a chothú
- Na hinsintí oidhreachta atá ann cheana a athshamhlú nó a leathnú
- Naisc a chothú idir pobail
- Infheictheacht na hoidhreachta nach ndéantar dóthain ionadaíochta uirthi a mhéadú

Ní gá do thionscadail a bheith mór. Is féidir le tionscadail bheaga faoi stiúir an phobail difríocht thábhachtach a dhéanamh.

Cad atá i gceist le Tionscadal Láidir Éagsúlachta, Cothroime agus Ionchuimsithe?

Is gnách go bhfreagraítear i dtionscadail rathúla sé cheist shimplí:

Cé leis an Oidhreacht atá á Fiosrú?

Déan cur síos ar an bpobal nó na pobail atá bainteach agus ar an oidhreacht a fhiosrófar nó a roinnfear.

Cén Fáth a bhfuil sé Tábhachtach?

Mínigh an fáth go bhfuil an oidhreacht seo tábhachtach agus an fáth go bhféadfadh go bhfuil tearcionadaíocht á déanamh di nó nach bhfuil sí chomh hinfheicthe céanna.

Cén Fáth a dTeastaíonn Gníomh Anois?

Inis dúinn an fáth go dteastaíonn an tionscadal agus cén deiseanna a d'fhéadfaí a chailleadh mura ndéanfar aon ghníomh.

Cén Difríocht a Dhéanfaidh an Tionscadal?

Mínigh conas a fheabhsóidh an tionscadal ionadaíocht, rannpháirtíocht nó tuiscint.

Conas a Bheidh Daoine Páirteach?

Déan cur síos ar conas a chabhróidh baill an phobail leis an tionscadal a mhúnlú, a sholáthar agus páirt a ghlacadh ann.

Cad a Tharlóidh ina Dhiaidh Seo?

Inis dúinn conas a chruthóidh an tionscadal tairbhí buana don phobal agus conas a chuirfidh sé le gníomhaíochtaí oidhreachta amach anseo.

Samplaí de Thionscadail ar Féidir Linn Tacú Leo

Seo a leanas tionscadail shamplacha ar féidir linn tacú leo faoin téama seo:

- Tionscadail oidhreachta faoi stiúir an phobail a d'fhorbair agus a sholáthair pobail
- Tionscadail staire béil, taighde agus scéalaíochta
- Cartlanna digiteacha scéalaíochta agus pobail
- Tionscadail léirmhínithe pobail
- Acmhainní oidhreachta ilteangacha nó inrochtana
- Cláir a chuireann le ceannaireacht agus rannpháirtíocht an phobail
- Tionscadail oidhreachta a mhéadaíonn infheictheacht scéalta agus eispéireas a ndéantar tearcionadaíocht dóibh
- Tionscadail scannáin agus cláir faisnéise faoi stiúir an phobail
- Podchraoltaí oidhreachta agus tionscadail clos-scéil

Ba cheart díriú i gcónaí ar rannpháirtíocht, ionchuimsiú agus ceannaireacht pobail bhríoch.

Cabhrú Leat na Ceisteanna maidir leis an Léiriú Spéise a Fhreagairt

Bain úsáid as na samplaí sa treoir seo mar phointe tosaigh, ach inis dúinn faoin bpobal, an oidhreacht agus na heispéiris atá i gceartlár do thionscadail. Míníonn na hiarratais is láidre cén fáth a bhfuil tábhacht áitiúil leis an tionscadal agus conas a bheidh pobail páirteach i múnlú an tionscadail.

Riachtanas nó Deis Oidhreachta

Seo ceann de na codanna is tábhachtaí de d'iarratas.

Cabhraigh linn an méid a leanas a thuiscint:

- Cé leis an oidhreacht atá á fiosrú?
- Cén fáth a bhfuil tearcionadaíocht á déanamh di nó nach bhfuil sí chomh hinfheicthe céanna?
- Cén fáth a dteastaíonn an tionscadal anois?
- Cén difríocht a dhéanfaidh an tionscadal?

Bí sonrach agus mínigh an riachtanas nó an deis oidhreachta ó thaobh an phobail atá i gceist.

Dea-Chleachtas Oidhreachta

Bíonn cur chuige eiticiúil, measúil agus pobal-lárnach ag na tionscadail is láidre. Ag brath ar an tionscadal, cabhróidh saineolas speisialaithe lena chinntiú go ndéanfar scéalta, eispéiris agus an oidhreacht a thaifeadadh, a roinnt agus a chaomhnú ar bhealach cuí.

Ag brath ar an tionscadal, féadtar a áireamh leis seo:

- Staraithe béil
- Éascaitheoirí pobail
- Cartlannaithe
- Speisialtóirí inrochtaineachta
- Aistritheoirí agus ateangairí
- Speisialtóirí oidhreachta digití
- Cleachtóirí forbartha pobail

Ba cheart an méid a leanas a chur san áireamh i dtionscadail:

- toiliú feasach;
- príobháideacht agus cosaint sonraí;
- inrochtaineacht;
- ionadaíocht;
- íogaireacht chultúrtha; agus
- ábhair oidhreachta a roinnt go cuí.

Is féidir leis an scéim deontais tacú le costais a bhaineann le saineolas speisialta, nuair is cuí.

Gníomhú ar son na hAeráide agus Teacht Aniar Aeráide

Ba cheart gníomhú ar son na haeráide agus teacht aniar aeráide a chur san áireamh i ngach tionscadal ar bhealach atá oiriúnach dá mhéid agus dá chineál.

I gcás tionscadal faoin téama seo, d'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist:

- eolas agus eispéiris an phobail a thaifeadadh a d'fhéadfadh a bheith caillte murach sin;
- eolas faoi thírdhreacha, áiteanna nó timpeallachtaí atá ag athrú a bhailiú;
- stair bhéil agus eolas áitiúil a chaomhnú do na glúnta atá le teacht; agus
- acmhainní a chruthú a dhéanfar a chothabháil agus a fhanfaidh inrochtana agus úsáideach le himeacht ama.

Ní gá duit a bheith i do shaineolaí aeráide. Níl uainn ach tuiscint a fháil ar an gcaoi ar cuireadh inbhuanaitheacht, rochtain fhadtéarmach nó teacht aniar san áireamh mar chuid de do thionscadal.

Is féidir leat teacht ar níos mó teoracha ar na hábhair seo sa [Treoir maidir leis an bPríomhscéim](#), [Treoir maidir le Gníomhú ar son na hAeráide agus Teacht Aniar Aeráide](#) agus ar [an bhfoirm Léirithe Spéise](#).

Rannpháirtíocht an Phobail

Tá rannpháirtíocht an phobail i gceartlár an téama seo.

Léiríonn na tionscadail is láidre fíorchearnaireacht pobail, comhdhearadh agus cinnteoireacht

chomhroinnte. Ba cheart go mbeadh ról bríoch ag an bpobal a bhfuil a oidhreacht á fiosrú i múnú agus i gcur i gcrích an tionscadail.

Is féidir a áireamh le rannpháirtíocht an phobail:

- Cabhrú le tosaíochtaí agus téamaí an tionscadail a aithint
- Scéalta, eolas agus eispéiris a roinnt
- Stair bhéil a thaifeadadh
- Páirt a ghlacadh i dtaighde agus i ndoiciméadú
- Cabhrú le taispeántais, cartlanna nó acmhainní a dhearadh
- Páirt a ghlacadh i ngrúpaí comhairleacha nó i gcoistí stiúrtha
- Tacú le cur i gcrích an tionscadail agus le himeachtaí poiblí
- Torthaí an tionscadail a roinnt leis an bpobal níos leithne
- Cabhrú le conas a dhéantar scéalta, bailiúcháin nó ábhair oidhreachta a léirmhíniú agus a roinnt a mhúnú

Ba cheart go mbeadh níos mó i gceist le rannpháirtíocht ná díreach comhairliúchán. Ba cheart go mbeadh ról gníomhach ag pobail i rith an tionscadail.

Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag tionscadail a bheith fáilteach agus inrochtana, agus deiseanna a chur ar fáil do dhaoine páirt a ghlacadh ar bhealaí atá oiriúnach dá riachtanais agus dá gcuid spéise.

Tá **tairbhe phoiblí** agus **ceadanna** tábhachtach do gach iarratas. Is féidir leat teacht ar níos mó teoracha ar na hábhair seo sa [Treoir maidir leis an bPríomhscéim](#) agus ar [an bhfoirm Léirithe Spéise](#).

Aschur, Torthaí agus Leagáid

Nuair atá an cheist seo á freagairt agat, smaoinigh ar an méid a sholáthróidh do thionscadal agus an difríocht a dhéanfaidh sé.

Aschur

Aschur: is iad seo na táirgí inbhraite nó na gníomhaíochtaí a sholáthraítear tríd an tionscadal. I measc na samplaí, tá an méid seo a leanas:

- Taifeadtaí staire béil
- Cartlanna nó bailiúcháin pobail
- Ábhair thadhlacha léirmhínithe
- Acmhainní oidhreachta inrochtana
- Acmhainní a chabhraíonn le scéalta agus eispéiris oidhreachta nach ndéantar dóthain ionadaíochta orthu a roinnt
- Gearrscannáin nó cláir faisnéise
- Podchraoltaí nó taifeadtaí fuaime

Torthaí

Is iad torthaí na hathruithe nó na tairbhí a eascróidh as an tionscadal. I measc na samplaí, tá an méid seo a leanas:

- Níos mó daoine a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí agus i dtionscadail oidhreachta

- Scéalta agus eispéiris nach ndéantar dóthain ionadaíochta orthu a dhoiciméadú agus a roinnt ar bhealach níos fearr
- Guth níos láidre a bheith ag pobail maidir leis an gcaoi a ndéantar a n-oidhreacht a thaifeadadh agus a léirmhíniú
- Muinín mhéadaithe i measc rannpháirtithe chun a gcuid eolais, eispéireas agus dearcthaí a roinnt
- Teacht níos fearr ar an oidhreacht do dhaoine a bhféadfadh bacainní a bheith rompu maidir le rannpháirtíocht
- Tuiscint agus meas níos fearr ar stair, ar chultúir agus ar eispéiris saoil éagsúla
- Scileanna, eolas agus deiseanna ceannaireachta nua do rannpháirtithe ón bpobal
- Naisc níos láidre idir pobail, eagraíochtaí oidhreachta agus comhpháirtithe áitiúla

Leagáid

Tagraíonn leagáid do na tairbhí níos fadtéarmaí a bhainfear i ndiaidh an tionscadal a chur i gcrích.

I measc na samplaí, tá an méid seo a leanas:

- Acmhainní oidhreachta arna gcruthú ag an bpobal a leanann de bheith in úsáid, á roinnt agus á bhforbairt
- Rochtain oscailte ar bhailiúcháin oidhreachta, cartlanna, taifeadtaí nó ar acmhainní eile a chaomhnaíonn scéalta agus eispéiris do na glúnta atá le teacht
- Rannpháirtíocht leanúnach an phobail i ngníomhaíochtaí oidhreachta agus i gcinnteoireacht
- Comhpháirtíochtaí buana idir pobail agus eagraíochtaí oidhreachta
- Ionadaíocht fheabhsaithe ar ghuthanna agus eispéiris éagsúla in acmhainní oidhreachta áitiúla
- Bonn fianaise níos láidre le haghaidh taighde, léirmhíniú nó tionscnaimh pobail amach anseo
- Spriocghrúpaí nua a leanann de bheith ag plé leis an oidhreacht tar éis shaolré an tionscadail

An Leid is Fearr ☆

Déan idirdhealú soiléir idir an méid a chuirfidh do thionscadal ar fáil (**aschur**), an difríocht a dhéanfaidh sé (**torthaí**), agus na tairbhí a leanfar lena mbaint i ndiaidh an tionscadal a chur i gcrích (**leagáid**).

Rudaí Nach dTacoimid Leo

I measc na samplaí, tá an méid seo a leanas:

- ✗ Tionscadail nach mbíonn pobail páirteach go bríoch iontu i ndearadh ná i gcur i gcrích an tionscadail.
- ✗ Taighde a bhailíonn eolas ón bpobal gan tairbhe a thabhairt don phobal.
- ✗ Tionscadail nach bhfuil aon chuspóir soiléir acu maidir le hionchuimsiú.
- ✗ Imeachtaí ginearálta nach mbíonn mórán torthaí oidhreachta ag baint leo.
- ✗ Tionscadail a bhailíonn scéalta gan míniú a thabhairt ar an gcaoi a mbainfidh rannpháirtithe nó pobail tairbhe astu.
- ✗ Tionscadail nach léiríonn ceannaireacht, rannpháirtíocht nó comhdhearadh ón bpobal.

Seicliosta Gearr ✓

Sula seolfaidh tú do Léiriú Spéise, ar mhínigh tú:

- Cén pobal nó pobail atá bainteach?
- An fáth nach bhfuil dóthain ionadaíochta á déanamh dá n-oidhreacht?
- Conas a chabhróidh an pobal leis an tionscadal a mhúnlú agus a sholáthar?
- Conas a ghlacfaidh daoine páirt?
- Conas a cuireadh an aeráid agus teacht aniar san áireamh?
- Conas a bhainfidh an pobal níos leithne tairbhe as?
- Cad a bhainfidh an tionscadal amach?
- Cén difríocht a dhéanfaidh an tionscadal?
- Cén saineolas a thacóidh leis an tionscadal?
- Conas a bhainfidh rannpháirtithe tairbhe?
- Conas a roinnfear agus a thiocfar ar an aschur?
- Conas a chuireann an tionscadal ionchuimsiú, rannpháirtíocht agus ionadaíocht chun cinn?

Áras na hOidhreachta, Lána an Teampaill, Cill Chainnigh, Éire R95 X264
Áras na hOidhreachta, Church Lane, Kilkenny, Ireland R95 X264

Guthán: +353 56 777 0 777 | **Ríomhphost:** grants@heritagecouncil.ie

www.heritagecouncil.ie



An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council